# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

## MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil)**
**Cúirt Montague**
**Sráid Montague**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 FT96**
**Guthán: (01) 4768602**
**R-phost: info@mhclrb.ie**
**Láithreán Gréasáin: www.mhclrb.ie**

## CLÁR AN ÁBHAIR


**Leathanach**

1. Brollach leis an gCathaoirleach 3

2. Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) 6

3. Athbhreithnithe an Bhoird 6

4. An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí 9

5. Orduithe um Scaoileadh Amach 9

6. Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) 10

7. Imeachtaí Dlí 11

8. Tairiscintí le haghaidh Seirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe 12

9. Caiteachas 12

10. Saoráil Faisnéise 12

**AGUISÍNÍ**

Aguisín A - Líon na nÉisteachtaí sa Mhí in 2015/2014 13

Aguisín B - Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise in 2015/2014 14

Aguisín C - Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2015/2014 15

Aguisín D - Líon na nÉisteachtaí in 2015/2014 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú 16

Aguisín E - Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar Phainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2015/2014 17

Aguisín F - Líon na nOthar a Scaoileadh Amach go Coinníollach in 2015/2014 18

Aguisín G - An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí 19

## 1. BROLLACH LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Is deas liom, mar Chathaoirleach an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), Tuarascáil Bhliantúil 2015 an Bhoird a chur i láthair. Léirítear sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Bhoird i rith na bliana agus is í naoú Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird.

In 2015, tháinig méadú beag ar an líon éisteachtaí athbhreithnithe a chuir an Bord ar siúl, i gcomparáid le 2014. Chuir an Bord 172 éisteacht ar siúl, i gcomparáid le 166 anuraidh, a rinne athbhreithniú ar choinneáil 81 othar. Astu seo, deonaíodh scaoileadh amach coinníollach do sheachtar othar, i gcomparáid le ceathrar in 2014.

Bhí ar an mBord an 21ú, an 22ú agus an 23ú hathbhreithniú a thionól maidir le coinneáil roinnt othar in 2015.

Fuair an Bord iarratas amháin ó othar a scaoileadh amach go coinníollach go ndéanfaí coinníollacha a Ordaithe um Scaoileadh Amach Coinníollach a athrú nó a bhaint. Diúltaíodh an t-iarratas seo. Anuas air sin, lean an Bord ar aghaidh le héisteacht le hiarratas ar scaoileadh amach neamhchoinníollach a cuireadh ar athló in 2014. Dhiúltaigh an Bord an t-iarratas seo, chomh maith.

Go déanach in 2015, chuir Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar an Bord ar an eolas go ndearna sé othar a scaoileadh amach go coinníollach a athghairm chuig an ospidéal, tar éis gur dheimhnigh an Stiúrthóir gur sháraigh an t-othar coinníoll dá Ordú um Scaoileadh Amach Coinníollach.

Ceist bhuartha a tháinig chun solais in 2015 ba ea an éagothroime in áiseanna cóiríochta ag an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i dtaobh othair fhireanna agus bhaineanna. Tá líon i bhfad níos airde d'othair fhireanna san ospidéal, agus cumasaíonn seo cúram agus cóiríocht shrathaithe a sholáthar dóibh. Ar an taobh eile den phingin, soláthraítear cóiríocht d'othair bhaineanna, gan aird ar an gcéim athshlánaithe atá bainte amach acu, san Aonad céanna. Ciallaíonn seo go soláthraítear cóiríocht d'othair bhaineanna atá géarbhreoite agus iad siúd atá ar bhóthar an athshlánaithe le chéile. Féadfaidh seo tionchar díobhálach a imirt orthu siúd a bhfuil ardchéim athshlánaithe agus athshlánúcháin bainte amach acu, ach nach bhfuil ar fónamh a dhóthain go fóill go scaoilfear amach go coinníollach iad. I ndiaidh gur tugadh an éagothroime seo chun solais, b'ábhar díomá don Bhord é nuair a chuir an Stiúrthóir Cliniciúil ar an eolas é nach féidir leis réiteach a sholáthar ar an ngá atá le cúram srathaithe d'othair bhaineanna ag an tráth seo. Chuir sé an Bord ar an eolas gurb aonad nua 20 leaba atá i gceist le plean Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh seirbhísí slána ospidéil d'othair bhaineanna. Soláthrófar seo mar chuid den phlean d'ospidéal nua, agus chuir an Stiúrthóir Cliniciúil sinn ar an eolas go bhfuil súil leis go n-osclófar é sa tríú ráithe in 2018.

Bhí an Bord Athbhreithnithe faoi réir saoráil faisnéise, go páirteach, in 2015 i ndiaidh achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Ba mhaith liom, thar ceann mo chomhghleacaithe, buíochas a ghabháil leis an Uasal Nora McGarry agus an Dr Michael Mulcahy, le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar, an tOllamh Harry Kennedy agus leis na síciatraithe

comhairleacha, foireann altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin an ospidéil dá gcomhoibriú agus cabhair i rith na bliana. Anuas air sin, gabhaim buíochas leis na hionadaithe dlí a dhéanann ionadaíocht d'othair a thagann os comhair an Bhoird lena n-athbhreithniú. Mar gheall ar a ngalar, níl go leor othair in ann labhairt dóibh féin agus cabhraíonn a n-ionadaithe dlí leo ar bhealaí a ró-sháraíonn a sainchúram. Tá an Bord an-bhuíoch de seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird: an tUasal Greg Heylin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal Catherine Hayes agus an tUasal Ann Casey as an gcúnamh a thug siad dom i gcaitheamh na bliana.

**Iarfhlaith O'Neill**
**Cathaoirleach**

**Aibreán 2016**

## 2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) an 27 Meán Fómhair 2006 de bhun Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar ar atreoraigh cúirt chuig ionaid ainmnithe iad, tar éis gur deimhníodh raibh siad neamhinniúil lena gcur faoi thriail nó toisc go bhfuarthas neamhchiontach i gcion iad de bharr gealtachta. Faoi Acht 2006, arna leasú, tá sé de chumhacht ag an mBord coinneáil leantach na n-othar in ionad ainmnithe nó a scaoileadh amach go coinníollach nó go neamhchoinníollach a ordú, agus aird á tabhairt ar leas an othair agus ar leas an phobail. Déanann an Bord athbhreithniú freisin ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe toisc neamhord meabhrach a bheith á bhfulaingt acu. Is féidir leis an mBord a ordú go ndéanfar iad a choinneáil go leanúnach in ionad ainmnithe nó go gcuirfear ar ais go dtí an príosún iad. Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad ainmnithe amháin faoi Acht 2006 faoi láthair.

## 3. ATHBHREITHNITHE AN BHOIRD

Bíonn thart ar 80 othar faoi choinneáil ag am ar bith sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Athraíonn an uimhir sin de réir mar a aistrítear na hothair ó phríosún, cibé acu le toiliúil nó go deonach, go gcuirfear cúram nó cóireáil orthu nach bhfuil ar fáil dóibh i bpríosún agus cuirtear ar ais chun príosúin iad ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, ní thagann othair a scaoileadh amach go coinníollach os comhair an Bhoird le

haghaidh athbhreithniú mar gheall nach gcoinnítear iad san ospidéal a thuilleadh. Bíonn gach éisteacht athbhreithnithe ar siúl sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Ceanglaítear ar an mBord a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar choinneáil gach othair gach sé mhí ar a laghad. Is féidir leis an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othair de réir mar a mheasann sé is cuí, ar a stuaim féin, lasmuigh de na héisteachtaí a sceidealaítear go rialta. D'fhéadfadh othar iarraidh ar athbhreithniú chomh maith agus, faoi chúinsí áirithe, féadfaidh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar bheith ina chúis le tús a chur le hathbhreithniú. Lena chois sin, is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a ordú don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil príosúnaigh a aistríodh ó phríosún go dtí an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Le linn 2015, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 81 othar, agus reáchtáil siad 172 éisteacht athbhreithnithe san iomlán. Is ionann sin agus méadú de bheagán os cionn 3½%, i gcomparáid leis an mbliain seo caite, nuair a thug an Bord faoi 166 éisteacht athbhreithnithe. Diagnóisíodh, as na 81 othar, go raibh 74% de na hothair a ndearnadh athbhreithniú orthu ag fulaingt scitsifréine, go raibh neamhord scitseamhothachtálach ar 12% acu agus go raibh neamhoird eile ar 14% acu. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le figiúirí na bliana 2014, nuair a rinneadh athbhreithniú ar choinneáil 80 othar, nuair a diagnóisíodh go raibh 71% acu ag fulaingt scitsifréine, go raibh neamhord scitseamhothachtálach ar 16% acu agus go raibh neamhoird eile ar 13% acu. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iad sin an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain. (Tá tagairt in Aguisín A agus in Aguisín B dóibh).

Rinne an Bord an 21ú, an 22ú agus an 23ú hathbhreithniú den chéad uair in 2015 ar choinneáil roinnt othar. As na 172 éisteacht sin a reáchtáladh, rinneadh an 21ú hathbhreithniú i dtaobh 18 gcinn, rinneadh an 22ú hathbhreithniú i dtaobh 8 gcinn agus rinneadh an 23ú hathbhreithniú i dtaobh ceann amháin. Bhí 16% de na héisteachtaí san iomlán idir an 21ú céim athbhreithnithe agus an 23ú céim athbhreithnithe. Bhí 34% de na héisteachtaí idir an 1ú céim athbhreithnithe agus an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 33% in 2014. Díobh sin, ba iad an 1ú athbhreithniú 15 cinn nó 9% acu, i gcomparáid le 2014 nuair a reáchtáladh 20 athbhreithniú den saghas sin, nó 12% den iomlán. (Tá tagairt dóibh sin in Aguisín C).

Ar nós blianta roimhe seo, bhain formhór na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothar a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, arna leasú, tar éis go bhfuarthas neamhchiontach iad as coir de bharr gealtachta. Bhain 111 éisteacht leis an ngrúpa sin, i gcomparáid le 106 éisteacht in 2014, arb ionann sin agus 65% agus 64%, faoi seach, de líon iomlán na n-éisteachtaí. Arís eile, in 2015, bhain an dara líon ba mhó d'éisteachtaí athbhreithnithe le hothair a coinníodh faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram nó cóireáil a fháil nach bhféadfaí a chur ar fáil i bpríosún. Bhain 22% de na héisteachtaí in 2015 leis an ngrúpa sin, i gcomparáid le 23% in 2014. (Tá tagairt dóibh in Aguisín D).

## 4. AN CION NÓ AN CION LÍOMHNAITHE IS TROMCHÚISÍ

Idir an cion ba thromchúisí, dúnmharú, agus cionta ar nós ciaptha, gadaíochta agus robála, a bhí sa saghas ciona nó i saghas an chiona líomhnaithe, ar cúisíodh, nó ar ciontaíodh othair a coinníodh sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ina leith in 2015. As na 81 othar a ndearna an Bord athbhreithniú ar a gcoinneáil in 2015, cúisíodh, nó ciontaíodh 42 díobh i leith dúnmharú. Duine muinteartha leis an othar a bhí i gceist le tromlach íospartaigh an chiona, nó an chiona líomhnaithe seo. Cúisíodh, nó ciontaíodh 7 n-othar, ar an iomlán, i leith iarracht a dhéanamh ar dhúnmharú/dhúnorgain/bhás trí thiomáint chontúirteach. Cúisíodh, nó ciontaíodh 17 n-othar i leith ionsaí ba chúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp agus cúisíodh/ciontaíodh 6 othar i leith coirloiscthe. I measc na gcionta eile, bhí ionsaí gnéasach, bagairt ar mharú, ciapadh, robáil, goid agus seilbh ar sceana. I mionlach cásanna, bhí breis agus íospartach amháin i gceist a bhí thíos le cionta ar cúisíodh, nó ar ciontaíodh an t-othar ina leith. (Tá tagairt dóibh in Aguisín G).

## 5. ORDUITHE UM SCAOILEADH AMACH

D'fhaomh an Bord scaoileadh amach coinníollach seachtar othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in 2015, i gcomparáid le ceathrar in 2014. Ba é 8 mbliana meánfhad coinneála na n-othar a scaoileadh amach go coinníollach. Beagán faoi bhun 6 bliana meánfhad an dá thréimhse ba ghiorra agus nach mór 11 bhliain meánfhad an dá thréimhse ab fhaide. Ba cheart a thabhairt faoi deara, ní foras riachtanach ná leordhóthanach ann féin é an fad ama atá othar á choinneáil san Ospidéal chun scaoileadh coinníollach a dheonú. (Tá tagairt dó sin in Aguisín F).

Fuair an Bord iarratas amháin ó othar a scaoileadh amach go coinníollach go ndéanfaí coinníollacha a Ordaithe um Scaoileadh Amach Coinníollach a athrú nó a bhaint. Dhiúltaigh an Bord na coinníollacha a athrú, faoi mar a iarradh.

Thionóil an Bord éisteacht chun leanúint ar aghaidh lena mbreithniú ar iarratas ar scaoileadh amach neamhchoinníollach. Chuir an Bord an éisteacht sin ar athló in 2014. Dhiúltaigh an Bord an t-iarratas ar scaoileadh amach neamhchoinníollach.

Rinneadh an Stiúrthóir Cliniciúil othar amháin a bhí scaoilte amach go coinníollach a aisghairm i Nollaig 2015 chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas go raibh sé faoin tuairim go raibh sárú ábhartha á dhéanamh ag an othar ar choinníoll dá Ordú um Scaoileadh Amach Coinníollach agus gur theastaigh cúram agus cóireáil othair chónaithigh uaidh san ospidéal.

## 6. SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Éilíonn Alt 12(1)(c) d'Acht 2006, ar an mBord ionadaí dlí a shannadh do gach othar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar a c(h)oinneáil, ach amháin má bheartaíonn an t-othar ionadaíocht dlí a fhostú ar a c(h)ostas féin. Chun na críche sin, chuir an Bord i bhfeidhm an Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), 2006, faoinar bunaíodh Painéal ionadaithe dlí. Is féidir le hothair, más mian leo, diúltú do sheirbhísí aturnae a shanntar dóibh ón bpainéal agus aturnae eile ón bPainéal a iarraidh nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú ar a gcostas féin. Ar mhaithe le leanúnachas d'othair, déanann an Bord iarracht an t-aturnae céanna a shannadh chun ionadaíocht a dhéanamh d'othar in éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Ag tús 2015, bhí 23 aturnae ann ar an bPainéal Ionadaithe Dlí. Cuireadh aturnae amháin breise leis an bPainéal le linn na bliana chun iarratas a rinne othar a éascú, ar mian leis go ndéanfaidh aturnae a raibh ionadaíocht á déanamh aige dó in imeachtaí coiriúla, ionadaíocht dó os comhair an Bhoird. Chomhaontaigh an Bord le hiarratas an othair agus chuir sé ainm an aturnae leis an bPainéal, faoi réir go sannfar an t-aturnae sin chun ionadaíocht a dhéanamh don othar sin amháin. Ba é an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal in 2015 7 gcás. Sannadh 12 chás, ar an meán, don cheathairíl uachtarach d'aturnaetha an duine in 2015, i gcomparáid le 11 chás in 2014. Sannadh 7 gcás, ar an meán, don dara agus don tríú ceathairíl d'aturnaetha, chomh maith, arb ionann sin agus an líon cásanna a sannadh dóibh in 2014. Sannadh 3 chás an duine, ar an meán, don cheathairíl íochtarach in 2015. Bhí 2 chás i gceist leis an líon seo in 2014. (Déantar tagairt dó seo in Aguisín E).

## 7. IMEACHTAÍ DLÍ

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, ainmníodh an Bord mar pháirtí nóibhíseach in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar ***(MC v. an Stiúrthóir Cliniciúil, an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) (Páirtí Nóibhíseach)).*** Tá an tIarratasóir, othar a scaoileadh amach go coinníollach, ag iarraidh go ndéanfar athbhreithniú breithiúnach ar dhiúltú an Stiúrthóra Chliniciúil chun socruithe a dhéanamh chun go mbeadh sé ní b'éasca na coinníollacha a ghabhann lena nOrdú um Scaoileadh Amach go Coinníollach a chomhlíonadh. Bhí na himeachtaí fós ar siúl ag deireadh na bliana 2015 agus bhí siad liostaithe d'éisteacht san Ard-Chúirt in Eanáir 2016.

## 8. TAIRISCINTÍ LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ ATEANGAIREACHTA AG ÉISTEACHTAÍ ATHBHREITHNITHE

D'eisigh an Bord ceithre thairiscint aonuaire i rith 2015 le haghaidh seirbhísí ateangaireachta a sholáthar ag éisteachtaí athbhreithnithe.

## 9. CAITEACHAS

Ba é €383,048 caiteachas iomlán an Bhoird in 2015. Den mhéid sin, caitheadh €100,317 ar phá, €96,559 ar sholáthar cúnamh dlí saor in aisce agus €186,172 ar chostais eile.


## 10. SAORÁIL FAISNÉISE

I ndiaidh achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, bhí an Bord Athbhreithnithe faoi réir saoráil faisnéise, go páirteach, in Aibreán 2015. Fágtar taifid maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar, a ndíscaoileadh coinníollach nó neamhchoinníollach nó a n-aisghairm ó scaoileadh coinníollach, as an áireamh ó scóip an Achta. Soláthraíonn an Bord, áfach, cóip den cháipéisíocht uile a fuair an Bord maidir leis an athbhreithniú ar gcoinneáil, i gcomhlíonadh Alt 12(6)(c) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú, do gach othar a mbíonn a gcoinneáil ina hábhar athbhreithnithe, agus dá n-ionadaí dlí.

**Nóta:**
**An Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006**
**An Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010**
**Nósanna imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), agus**
**Tá Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), 2006 ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie)**

## Líon na nÉisteachtaí sa Mhí in 2015/2014

| Mí | Líon nÉisteachtaí in 2015 | % d'Iomlán 2015 | Líon nÉisteachtaí in 2014 | % d'Iomlán 2014 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 9 | 5% | 18 | 11% |
| **Feabhra** | 22 | 13% | 12 | 7% |
| **Márta** | 10 | 6% | 11 | 6% |
| **Aibreán** | 15 | 9% | 21 | 13% |
| **Bealtaine** | 18 | 10% | 4 | 2% |
| **Meitheamh** | 13 | 8% | 18 | 11% |
| **Iúil** | 18 | 10% | 12 | 7% |
| **Lúnasa** | 9 | 5% | 15 | 9% |
| **Meán Fómhair** | 11 | 6% | 20 | 12% |
| **Deireadh Fómhair** | 19 | 11% | 3 | 2% |
| **Samhain** | 20 | 12% | 16 | 10% |
| **Nollaig** | 8 | 5% | 16 | 10% |
| **Iomlán** | **172** | **100%** | **166** | **100%** |



## Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise in 2015/2014

| Diagnóis | Líon na nOthar a athbhreithníodh 2015 | % den Iomlán In 2015 | Líon na nOthar a athbhreithníodh 2014 | % den Iomlán In 2014 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 60 | 74% | 57 | 71% |
| **Neamhord Scitseamothachtálach** | 10 | 12% | 13 | 16% |
| **Neamhoird Eile** | 11 | 14% | 10 | 13% |
| **Iomlán** | **81** | **100%** | **80** | **100%** |

**I measc na Neamhord Eile, tá:**

Neamhord Mothachtálach Dépholach

Míchumas Intleachtúil

Neamhord Dúlagair Athfhillteach

Dúlagar Síocóiseach

Neamhord de chuid Speictream an Uathachais

Dúlagar Trom mar aon le Gnéithe Síocóiseacha


Frithghníomhú Neamhghnách Cumha/Frithghníomhú Dúlagair Fadtréimhseach

Eipeasóid Ghéar Shíocóiseach

Eipeasóid Dúlagair

Siondróm Asperger


Neamhord Síocóiseach de bharr Substainte



## Aguisín C

## Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2015/2014

| Saghas an Athbhreithnithe | Líon na nAthbhreithnithe 2015 | % d'Iomlan 2015 | Líon na nAthbhreithnithe 2014 | % d'Iomlán 2014 |
|---|---|---|---|---|
| **An 1ú hAthbhreithniú** | 15 | 9% | 20 | 12% |
| **An 2ú - 5ú hAthbhreithniú** | 44 | 25% | 35 | 21% |
| **An 6ú -10ú hAthbhreithniú** | 25 | 14% | 23 | 14% |
| **An 11ú - 15ú hAthbhreithniú** | 15 | 9% | 22 | 13% |
| **An 16ú - 20ú hAthbhreithniú** | 46 | 27% | 66 | 40% |
| **An 21ú - 23ú hAthbhreithniú** | 27 | 16% | | |
| **Iomlán** | **172** | **100%** | **166** | **100%** |




## Aguisín D

## Líon na nÉisteachtaí in 2015/2014 de réir an Ailte den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

| Alt d'Acht 2006 | Líon na nÉisteachtaí 2015 | % den Iomlán 2015 | Líon na nÉisteachtaí 2014 | % den Iomlán 2014 |
|---|---|---|---|---|
| Alt 4(3) | 3 | 2% | 4 | 2% |
| Alt 4(5) | 6 | 3% | 11 | 7% |
| Alt 5(2) | 111 | 65% | 106 | 64% |
| Alt 15(1) | 12 | 7% | 5 | 3% |
| Alt 15(2) | 38 | 22% | 38 | 23% |
| Alt 15(5) | 2 | 1% | 2 | 1% |
| **Iomlán** | **172** | **100%** | **166** | **100%** |

**Alt 4(3)** Neamhinniúil chun pléadála, an Chúirt Dúiche
**Alt 4(5)** Neamhinniúil chun pléadála, Cúirt Eile
**Alt 5(2)** Neamhchiontach de bharr gealtachta
**Alt 5(3)** Scrúdú agus tuairisciú maidir le neamhchiontacht de bharr gealtachta
**Alt 15(1)** Aistriú deonach ó Phríosún
**Alt 15(2)** Aistriú neamhdheonach ó Phríosún
**Alt 15(5)** Leanúint ar aghaidh le haistriú deonach ó Phríosún (i ndiaidh diúltú cúraim nó cóireála)



Aguisín E

## Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlí ar Phainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2015/2014

| Bliain | Líon Ionadaithe Dlí ar an bPainéal | Meánlíon cásanna a sannadh | Meánlíon cásanna a sannadh An Cheathairíl Uachtarach | Meánlíon cásanna a sannadh An 2ra agus an 3ú Ceathairílí | Meánlíon cásanna a sannadh An Cheathairíl Íochtarach |
|---|---|---|---|---|---|
| **2015** | 24* | 7 | 12 | 7 | 3 |
| **2014** | 25** | 7 | 11 | 7 | 2 |

*ag deireadh na bliana (ceapadh comhalta breise amháin i rith na bliana)
**ar feadh cuid den bhliain (baineadh comhalta amháin den liosta i mí Iúil agus d'éirigh comhalta amháin as i Samhain)

### Aguisín F

## Líon na nOthar a Scaoileadh Amach go Coinníollach in 2015/2014

| An Mhí inar Tugadh an tOrdú um Scaoileadh Amach Coinníollach | Líon na nOthar 2015 | Líon na nOthar 2014 |
|---|---|---|
| **Eanáir** | 1 | 1 |
| **Márta** | 1 | 1 |
| **Aibreán** | 1 | |
| **Iúil** | 2 | 1 |
| **Meán Fómhair** | 1 | |
| **Nollaig** | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **7** | **4** |

### Aguisín G

## An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí a rinne othair ar athbhreithníodh a gcoinneáil in 2015

| Saghas an Chiona nó an Chiona Líomhnaithe | Líon na n-othar a cúisíodh, nó a ciontaíodh i leith ciona | |
|---|---|---|
| **Dúnmharú**<br>duine muinteartha ba ea an t-íospartach<br>bhí aithne ag an othar ar an íospartach<br>ní raibh aithne ag an othar ar an íospartach | **42** | 26<br>10<br>6 |
| **Tiomáint chontúirteach is cúis le Dúnmharú/Dúnorgain/Bás**<br>duine muinteartha ba ea an t-íospartach/bhí aithne ag an othar ar an íospartach<br>ní raibh aithne ag an othar ar an íospartach | **7** | 4<br>3 |
| **Ionsaí is cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp**<br>duine muinteartha ba ea an t-íospartach<br>bhí aithne ag an othar ar an íospartach<br>ní raibh aithne ag an othar ar an íospartach | **17** | 6<br>4<br>7 |
| **Coirloscadh** | **6** | |
| **Eile** | **9** | |
| **Iomlán** | **81** | |

**Nóta**

1) Catagóiríodh othair a ciontaíodh, nó a cúisíodh i leith breis agus cion/cion líomhnaithe amháin, de réir an chiona/an chiona líomhnaithe is tromchúisí.

2) I mionlach cásanna, bhí breis agus íospartach amháin i gceist mar thoradh ar na cionta ar cúisíodh, nó ar ciontaíodh an t-othar ina leith.

3) Ciallaíonn an chatagóir **"Eile"** ionsaí gnéasach, bagairt ar mharú, ciapadh, robáil, goid agus seilbh ar sceana.